# FÓGRA NUACHTÁIN

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)**

**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir:** Seirbhísí Tithíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**Suíomh:** Láithreán atá thart ar 2.6 ha teorantach le Lána Bhaile Bhúiséir ar an taobh thuaidh, Páirc Bhaile Cora ar an taobh thiar, Bóthar Bhaile Munna ar an taobh thoir, agus Gairdíní Bhaile Cora siar ó dheas, Baile Munna, Baile Átha Cliath 11

**Togra:** De bhun cheanglais an mhéid thuasluaite, tugtar Fógra leis seo i dtaca le tógáil 288 árasán/árasán dhá urlár agus aonad tithíochta ag láithreán atá ar thart ar 2.6 ha (thart ar 2.2 ha glan) teorantach le Lána Bhaile Bhúiséir ar an taobh thuaidh, Páirc Bhaile Cora ar an taobh thiar, Bóthar Bhaile Munna ar an taobh thoir, agus Gairdíní Bhaile Cora siar ó dheas, Baile Munna, Baile Átha Cliath 11, agus beidh na nithe seo a leanas i gceist leo:

- Tógáil 288 árasán/árasán dhá urlár agus aonad tithíochta thar 5 láithreán (Láithreáin 5, 15, 16, 17 agus 18) idir 2 agus 6 stór ina bhfuil 138 aonad le leaba amháin, 87 le 2 leaba, agus 61 áitreabh le 3 leaba agus 2 le 4 leaba.
  - Láithreán 5 ina mbeidh 132 aonad árasán (66 aonad le 1 leaba, 44 aonad le 2 leaba agus 22 aonad le 3 leaba) agus beidh idir 4 agus 5 stór i gceist leo, lena n-áirítear imeall uirbeach nua feadh Bhóthar Bhaile Munna;
  - Láithreán 15 ina mbeidh 8 n-áitreabh ina bhfuil 6 árasán le 1 leaba féin-dorais agus 2 theach le 3 sheomra leapa taobh le Gairdíní Bhaile Cora;
  - Láithreán 16 ina mbeidh 5 áitreabh ina bhfuil 2 árasán le 1 leaba féin-dorais, teach amháin le 3 sheomra leapa agus 2 theach le 4 sheomra leapa taobh le Gairdíní Bhaile Cora
  - Láithreán 17 ina mbeidh 34 aonad árasán (17 aonad le 1 leaba, 9 aonad le 2 leaba agus 8 aonad le 3 leaba) agus beidh idir 3 agus 6 stór i gceist leo, lena gcruthaítear bloc uirbeach mar chuid de chill uirbeach neamhchríochnaithe ag árasáin Linnbhla agus Charter;
  - Láithreán 18 ina mbeidh 109 aonad árasán (47 aonad le 1 leaba, 34 aonad le 2 leaba agus 28 aonad le 3 leaba) agus beidh idir 4 agus 5 stór i gceist leo, le himill uirbeacha go Bóthar Bhaile Cora, Páirc Bhaile Cora agus imeall nua go Lána Bhaile Bhúiséir;
- 70 spás páirceála do charranna agus 5 bhá lódála;
- 551 spás páirceála fadtréimhseach agus 180 spás gearrthréimhseach do rothair chun freastal ar na haonaid tithíochta;
- Soláthar spáis urláir 1611 m² Miondíola/Tráchtála ag leibhéal na talún trasna ó Bhóthar Bhaile Munna/Cearnóg Phapáin (láithreáin 5 agus 17);
- Soláthar 324 m² de shaoráid cúraim leanaí ar urlár na talún i Láithreán 5;
- Soláthar 1,058 m² de spás pobail, cultúir agus ealaíon a bheidh suite ar leibhéal urlár na talún i láithreáin 5 agus 17;
- Soláthar 91 spás do rothair scaipthe ar fud an láithreáin chun freastal ar na húsáidí neamhchónaithe;
- Spás oscailte poiblí a sholáthar i bplás nua ag Cearnóg Phapáin (1,953 m²) agus limistéir bhreise 979m², 496m² agus 839 m² ina bhfuil 2,969 m² spás oscailte pobail;
- Athailíniú ar Bhóthar Bhaile Cora, soláthar dhá bhealach rochtana nua d'fheithiclí (ceann amháin ó Lána Bhaile Bhúiséir agus ceann eile ó Bhóthar Bhaile Munna) agus lána tiomnaithe do choisithe agus do rothair amach ó Lána Bhaile Bhúiséir;
- Cóireálacha teorann, soilsiú poiblí, oibreacha draenála láithreáin, dromchlú bóithre inmheánacha agus cosáin, seomraí méadair BSL, fostáisiúin BSL, stórais, stóráil boscaí bruscair agus rothar, seomraí gléasra, tírdhreachú; agus
- Gach seirbhís choimhdeachta láithreáin agus oibreacha forbartha os cionn talún agus faoin talamh.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) ar an togra agus scagthástáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus táthar den tuairim go:

(a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach ná ar shuíomhanna Eorpacha, agus mar sin de, níl gá le Céim 2 de Mheasúnacht Chuí.
(b) Níl aon dóchúlacht cheart ann go n-imreoidh an fhorbairt atá beartaithe tionchar suntasach ar an timpeallacht agus nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe de chaighdeán atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR).

Is féidir le haon duine, laistigh den tréimhse 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh ar an mBord Pleanála deimhniú scagthástála a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht atá ann go n-imreodh an fhorbairt tionchar suntasach ar an timpeallacht.

Féadfar na Pleananna agus na Sonraí i dtaobh na forbartha beartaithe a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 30/10/2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan – Aoine 9.00r.n. go 4.30i.n. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: https://consultation.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30i.n. an **11/12/2024**.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne freisin https://consultation.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 a chlog ar an **11/12/2024.**